# Achoimre na Saoránach

# Togra ón AE – Rúin trádála a chosaint

## Cad í an fhadhb/an cheist?

- Goid rún trádála**, fadhb atá ag méadú**. Thuairiscigh an ceathrú cuid de chuideachtaí na hEorpa cás amháin ar a laghad de ghoid faisnéise in 2013 (i gcomparáid le 18% in 2012).
- Tá **éagsúlacht mhór** idir thíortha an AE ó thaobh a leibhéil **cosanta** do rúin trádála de. Is amhlaidh atá de thoradh difríochtaí sna rialacha náisiúnta agus toisc nach ann do thuiscint choiteann san AE ar cad is rún trádála ann.
- **Níl** córas dlí an AE **soiléir** d'úsáideoirí a fhad is a bhaineann le cosaint rún trádála.

## Cad iad na rudaí iad rúin trádála?

**Faisnéis ríthábhachtach** a choinníonn cuideachtaí, taighdeoirí agus nuálaithe faoi rún de ghnáth – laistigh dá n-eagraíocht féin nó laistigh de líonraí comhpháirtithe – le **buntáiste iomaíoch** a fháil nó a choinneáil.

Tríd is tríd, dhá chineál faisnéise a bhíonn i rúin trádála:

- **faisnéis theicniúil** (próisis mhonaraithe, oidis, comhdhúile ceimiceacha, etc)
- **faisnéis tráchtála** (liostaí custaiméirí, torthaí ar staidéir mhargaíochta, sonraí faoi tháirge a sheoladh, etc)**.**

## Cén t-athrú a bheidh ann go díreach?

Tá sé mar aidhm ag an togra nua ón AE **reachtaíocht na mBallstát a ailíniú** chun a chinntiú má ghoideann iomaitheoirí an fhaisnéis sin, nó má fhaigheann (nó má úsáideann) siad ar shlí neamhdhleathach eile í:

- go mbeidh an t-íospartach in ann a chearta a chosaint sa chúirt
- go mbeidh rochtain aige ar shásamh leordhóthanach agus inchomparáide ar fud an AE.

Go sonrach, déanann an togra:

- na **leigheasanna** atá ar fáil a leagann síos (e.g. an deis cosc a chur ar iomaitheoirí úsáid a bhaint as faisnéis ghoidte)
- feabhas a chur ar chumas íospartach **cúiteamh** a lorg
- rialacha a leagan síos chun an fhaisnéis rúnda a chosaint le linn **cásanna dlí.**

## Cé a bhainfidh tairbhe as agus conas?

- **Gach duine** – dá shábháilte atá rúin trádála is ea is mó an dreasú infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus forbairt, rud a chruthóidh níos mó post agus táirgí nua, feabhsaithe.
- **Gach cuideachta** – go háirithe:
  - **gnólachtaí beaga agus meánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta**, toisc go mbraitheann siadsan níos mó ná cuideachtaí móra ar rúndacht de ghnáth.
  - gnólachtaí nuálacha agus iad siúd atá speisialaithe i **gcaipiteal eolas-bhunaithe** (fios gnó, Taighde agus Forbairt, táirgí cruthaitheacha).

## Cén fáth a bhfuil ar an AE beart a dhéanamh?

- Faoi láthair, is **dlíthe náisiúnta amháin** a chosnaíonn rúin trádála, agus is mór na difríochtaí atá eatarthu. Níl reachtaíocht ar leith maidir le rúin trádála ag roinnt tíortha san AE.

- Cuireann sé sin **bac ar thrádáil** (fios gnó agus teicneolaíocht a fháil, a roinnt nó a cheadúnú) agus ar **thaighde** san AE, rud a chuireann le rioscaí agus le castacht na nuála, gan ghá.
- Cuireann sé **bac** freisin ar **chomhar** idir chuideachtaí, taighdeoirí agus nuálaithe atá i dtíortha éagsúla san AE.

### Cén uair is dócha a thiocfaidh an togra i bhfeidhm?

**4 bliana ón am seo** – ach b'fhéidir níos túisce. Braitheann sé ar cé chomh tapa a oibreoidh próisis reachtacha  na mBallstát agus an AE.